RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2023/945 ÓN gCOIMISIÚN

an 17 January 2023

lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583 a mhéid a bhaineann le ceanglais trédhearcachta áirithe is infheidhme maidir le hidirbhearta in ionstraimí neamh-chothromais

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(5), an tríú fomhír, Airteagal 11(4), an tríú fomhír, Airteagal 14(7), an tríú fomhír, Airteagal 21(5), an tríú fomhír, agus Airteagal 22(3), an dara fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ag cur san áireamh na taithí a fuarthas le cur i bhfeidhm Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583 ([2]) ón gCoimisiún, sainaithint cur i bhfeidhm neamhréireach forálacha atá ag brath ar cibé a bhaineann idirbheart le 'foirmiú praghsanna' nó nach mbaineann, agus ag cur san áireamh freisin na hathruithe ar chleachtais trádála de bharr forbairtí teicneolaíochta agus oiriúnuithe d'iompraíocht rannpháirtithe sa mhargadh a fhágann gur féidir faisnéis a fhoilsiú le moill níos giorra, is gá forálacha áirithe den Rialachán Tarmligthe sin a leasú.

(2) An coincheap maidir le hidirbhearta nach mbaineann le foirmiú praghsanna, atá ábhartha maidir le cur i bhfeidhm na díolúine a bhaineann le ceanglais trédhearcachta iarthrádála le haghaidh idirbhearta déthaobhacha, tá léirmhíniú éagsúla ina leith ag eintitis faoi mhaoirseacht, as a dtagann foilsiú neamh-chomhsheasmhach faisnéise maidir le trédhearcacht iarthrádála i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]). Chun feabhas a chur ar an trédhearcacht, an cháilíocht sonraí agus chun comhiomlánú sonraí a éascú ar deireadh thiar, is gá an córas tuairiscithe is infheidhme maidir le hidirbhearta neamhchothromais a shimpliú agus a shoiléiriú. I ndáil leis na forálacha éagsúla atá ag brath ar an gcoincheap maidir le hidirbhearta nach mbaineann le foirmiú praghsanna i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/587 ([4]) agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/590 ón gCoimisiún ([5]), lena ndéileáiltear le hidirbhearta a thuairisciú d'údaráis inniúla, ba cheart na forálacha sin a ailíniú chun léirmhínithe éagsúla a sheachaint. Ós rud é go bhfuil na hidirbhearta ar fad atá le heisiamh ó na ceanglais tuairiscithe sa liosta idirbhearta nach mbaineann le foirmiú praghsanna i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/590, ba cheart na hidirbhearta ar leithligh i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/587 a bhaint.

(3) Bhí rannpháirtithe sa mhargadh ag baint léirmhínithe éagsúla as na ceanglais maidir le trédhearcacht réamhthrádála le haghaidh córais hibrideacha éagsúla, rud a fhágann go bhfuil trédhearcacht réamhthrádála neamhréireach nochta ag oibreoirí na gcóras sin. Is córais hibrideacha iad córais a chuireann dhá chóras trádála nó níos mó le chéile. Chun a áirithiú go nochtann na hoibreoirí faisnéis iomchuí maidir le trédhearcacht réamhthrádála ar bhealach comhréireach ar fud an Aontais, ba cheart ceanglais trédhearcachta réamhthrádála a thabhairt isteach le haghaidh córais trádála hibrideacha lena n-áirithítear go bhfuil ceanglais trédhearcachta réamhthrádála ailínithe le ceanglais na gcóras aonair atá sa chóras hibrideach.

([1]) IO L 173, 12.6.2014, lch. 84.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le margaí in ionstraimí airgeadais a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála maidir le ceanglais trédhearcachta le haghaidh ionaid trádála agus gnólachtaí infheistíochta i leith bannaí, táirgí airgeadais struchtúraithe, lamháltais astaíochtaí agus díorthach (IO L 87, 31.3.2017, lch. 229).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 173, 12.6.2014, lch. 84).

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/587 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le margaí in ionstraimí airgeadais i dtaca le caighdeáin theicniúla rialála um cheanglais trédhearcachta ar ionaid trádála agus ar ghnólachtaí infheistíochta maidir le scaireanna, admhálacha taisclainne, cistí arna dtrádáil ar an malartán, deimhnithe agus ionstraimí airgeadais comhchosúla eile agus maidir le hoibleagáidí forghníomhúcháin idirbheart i ndáil le scaireanna áirithe ar ionad trádála nó ar inmheánaitheoir córasach (IO L 87, 31.3.2017, lch. 387).

([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/590 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála chun idirbhearta a thuairisciú d'údaráis inniúla (IO L 87, 31.3.2017, lch. 449).

(4) I dtuarascálacha poiblí maidir le hidirbhearta in ionstraimí airgeadais, léiríodh príomheilimintí áirithe, amhail praghas, cainníocht agus méid barúlach, go neamhréireach. Ba cheart léiriú na n-eilimintí sin a bheith i gcomhréir le coinbhinsiúin an mhargaidh maidir leis na hionstraimí aonair. Maidir le bannaí, ba cheart an praghas a léiriú ina chéatadán, mura sonraíonn coinbhinsiúin an mhargaidh go léirítear praghas de chineál banna sonrach ar bhealach éagsúil. Maidir le Babhtálacha Mainneachtana Creidmheasa, ba cheart an praghas a léiriú mar bhonnphointí faighte ag díoltóir na cosanta creidmheasa.

(5) Trádálacha ina bhfuil roinnt bannaí éagsúla, nó ionstraimí airgeadais eile atá á ndíol go comhuaineach le haon chliant amháin, lena n-áirítear contrapháirtithe, mar thrádáil punainne in aghaidh aon phraghas amháin don tsraith táirgthe iomlán, ní aithnítear iad mar sin i dtuarascálacha poiblí. Gan sainaithint chruinn na dtrádálacha punainne sin, léirítear sna tuarascálacha poiblí roinnt idirbheart ar leithligh in aghaidh praghas nach léiríonn praghas an mhargaidh. Dá bhrí sin, is gá bratach a chur le Tábla 3 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/587 le haghaidh trádálacha punainne a shainaithníonn na hidirbhearta sin.

(6) Níor bhain ionaid trádála, socruithe formheasta maidir le foilsiú (APAnna) ná gnólachtaí infheistíochta léirmhíniú as na ceanglais maidir le faisnéis a bhaineann le trédhearcacht réamhthrádála a nochtadh don phobal agus maidir leis an bhfaisnéis atá le soláthar don Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) chun críocha na ríomhanna trédhearcachta go seasta. Dá thoradh sin, tá an fhaisnéis sin neamhiomlán, neamhchruinn nó neamh-chomhsheasmhach. Déanann sé sin dochar d'inúsáidteacht na faisnéise sin agus do cháilíocht agus do chruinneas na ríomhanna trédhearcachta atá bunaithe ar na sonraí a chuirtear isteach. Chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach na gceanglas maidir le trédhearcacht iarthrádála ar fud an Aontais a chur chun cinn, is gá a shonrú tuilleadh an chaoi ar cheart d'ionaid trádála, APAnna agus gnólachtaí infheistíochta mionsonraí, amhail praghas agus méid barúlach, a nochtadh maidir leis na hionstraimí airgeadais éagsúla agus i dtaobh sonraí tagartha agus sonraí cainníochtúla a thuairisciú do ESMA agus do na húdaráis inniúla.

(7) Bíonn éagsúlacht mhór le feiceáil i leachtacht díorthach tráchtearraí ag brath ar shaintréithe na n-ionstraimí. Faoi láthair, níl an fhormáid faoina ndéantar saintréithe áirithe maidir le díorthaigh lasta agus tráchtearraí a thuairisciú sonraithe go leordhóthanach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583. Chun tuairisciú comhsheasmhach ar na saintréithe sin a bhaint amach agus feabhas a chur ar cháilíocht sonraí, ba cheart na formáidí sin a bheith ag brath ar chaighdeáin mhargaidh atá ann faoi láthair agus ba cheart iad a shonrú.

(8) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583 a leasú dá réir sin.

(9) Ionas go mbeidh ionaid trádála, APAnna agus gnólachtaí infheistíochta in ann na hathruithe a éilítear a chur i bhfeidhm ar a gcórais, ba cheart feidhm a bheith ag leasuithe áirithe a thugtar isteach leis an Rialachán seo ón 1 Eanáir 2024 ar aghaidh. Chun deimhneacht dhlíthiúil agus leanúnachas a áirithiú le haghaidh idirbhearta arna gcur i gcrích roimh an 1 Eanáir 2024 ach a fhoilsítear nó a leasaítear i ndiaidh an dáta sin, beidh feidhm fós ag Airteagal 12 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583 agus ag Iarscríbhinní I, II agus IV a ghabhann leis an Rialachán sin de réir mar is infheidhme an 31 Nollaig 2023 maidir leis na hidirbhearta a fhorghníomhaítear roimh an 1 Eanáir 2024.

(10) Is ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a chuir ESMA faoi bhráid an Choimisiúin atá an Rialachán seo bunaithe.

(11) Reáchtáil ESMA comhairliúcháin phoiblí oscailte maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí gaolmhara féideartha agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]),

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583 mar a leanas:

(1) in Airteagal 4, cuirtear an mhír 4 seo a leanas isteach:

"4. Chun críocha mhír 2, pointe (a), déanfar méid na n-orduithe a shealbhaítear i saoráid bainistíochta orduithe a thomhas le méid barúlach na gconarthaí trádáilte dá dtagraítear in Iarscríbhinn II, tábla 2, réimse 10.";

([6]) Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 12:

"*Airteagal 12*

Cur i bhfeidhm trédhearcacht iarthrádála ar idirbhearta áirithe a fhorghníomhaítear lasmuigh d'ionad trádála

(Airteagal 21(1) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014)

Ní bheidh feidhm ag na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 21(1) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 maidir leis na hidirbhearta a liostaítear in Airteagal 2(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) ón gCoimisiún 2017/590 (*).

(*) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/590 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála chun idirbhearta a thuairisciú d'údaráis inniúla C/2016/4733 (IO L 87, 31.3.2017, lch. 449).";

(3) Leasaítear Airteagal 13 mar a leanas:

(a) i mír 5, cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach:

"Déanfar na sonraí dá dtagraítear sa chéad fhomhír a bhailiú i gcomhréir le hIarscríbhinn V.";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 17:

"17. Áiritheoidh na húdaráis inniúla foilsiú thorthaí na ríomhanna dá dtagraítear faoi mhír 5 do gach ionstraim airgeadais agus gach aicme ionstraime airgeadais faoin 30 Aibreán den bhliain tar éis dháta chur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 agus faoin 30 Aibreán de gach bliain ina dhiaidh sin. Beidh feidhm ag torthaí na ríomhanna ón gcéad Luan de mhí an Mheithimh gach bliain tar éis an fhoilsithe go dtí an lá roimh an gcéad Luan de mhí an Mheithimh den bhliain ina dhiaidh sin.;

18. Chun críocha na ríomhanna dá dtagraítear i mír 1, pointe (b)(i) agus de mhaolú ar mhíreanna 7, 15 agus 17, áiritheoidh údaráis inniúla, i leith bannaí seachas ETCanna agus ETNanna, foilsiú na ríomhanna dá dtagraítear faoi mhír 5, pointe (a) ar bhonn ráithiúil, ar an gcéad Luan de mhí Feabhra, mí na Bealtaine, mí Lúnasa agus mí na Samhna tar éis dháta chur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 agus ar an gcéad Luan de mhí Feabhra, mí na Bealtaine, mí Lúnasa agus mí na Samhna gach bliain ina dhiaidh sin. Áireofar leis na ríomhanna idirbhearta a fhorghníomhaíodh san Aontas le linn na ráithe féilire roimhe sin agus beidh feidhm acu ón dtríú Luan de mhí Feabhra, mí na Bealtaine, mí Lúnasa agus mí na Samhna gach bliain go dtí go gcuirfear ríomhanna ón ráithe ina dhiaidh sin i bhfeidhm.";

(4) Cuirtear an téacs atá in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn I.

(5) Leasaítear Iarscríbhinn II i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

(6) Leasaítear Iarscríbhinn III i gcomhréir le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo.

(7) Leasaítear Iarscríbhinn IV i gcomhréir le hIarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo.

(8) Cuirtear an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo isteach mar Iarscríbhinn V.

Airteagal 2

Foráil idirthréimhseach

Beidh feidhm fós ag Airteagal 12 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583 agus ag Iarscríbhinní I, II agus IV a ghabhann leis an Rialachán sin de réir mar is infheidhme an 31 Nollaig 2023 maidir leis na hidirbhearta a fhorghníomhaítear roimh an 1 Eanáir 2024.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 1, pointí (2), (4), (5) agus (7) ón 1 Eanáir 2024 ar aghaidh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil an 17 Eanáir 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

"IARSCRÍBHINN I

Tuairisc ar an gcineál córais agus an fhaisnéis ghaolmhar atá le poibliú i gcomhréir le hAirteagal 2

An cineál córais	Tuairisc ar an gcóras	Faisnéis atá le poibliú
Córas trádála leabhair orduithe bunaithe ar cheant leanúnach	Córas lena ndéantar, trí bhíthin leabhar orduithe agus algartam trádála a fheidhmítear gan idirghabháil an duine, orduithe díola a mheaitseáil le horduithe ceannaigh ar bhonn an phraghais is fearr atá ar fáil ar bhonn leanúnach.	Maidir le gach ionstraim airgeadais, líon comhiomlán na n-orduithe agus an méid atá i gceist leo ar gach leibhéal praghsanna, le haghaidh na gcúig leibhéal praghsanna tairisceana agus tairgthe is fearr ar a laghad.
Córas trádála bunaithe ar luachana	Córas ina ndéantar idirbhearta a thabhairt i gcrích ar bhonn luachana daingne a chuirtear ar fáil do rannpháirtithe go leanúnach, ina gceanglaítear ar chruthaitheoirí margaidh luachana a choinneáil ar bun ar mhéid lena ndéantar riachtanais na gcomhaltaí agus na rannpháirtithe maidir le déileáil i méid tráchtála a chomhardú leis an riosca dá mbíonn an cruthaitheoir margaidh á nochtadh féin.	Maidir le gach ionstraim airgeadais, an tairiscint agus an ofráil is fearr de réir praghais de gach cruthaitheoir margaidh san ionstraim sin, mar aon leis na méideanna a ghabhann leis na praghsanna sin. Is éard a bheidh sna luachana a chuirfear ar fáil don phobal ná na luachana sin ar gealltanais cheangailteacha iad chun na n-ionstraimí airgeadais a cheannach agus a dhíol agus lena léirítear praghas agus méid na n-ionstraimí airgeadais ina bhfuil na cruthaitheoirí margaidh cláraithe sásta iad a cheannach nó a dhíol. I ndálaí eisceachtúla margaidh, áfach, féadfar praghsanna táscacha nó praghsanna aontreo a cheadú ar feadh tréimhse theoranta.
Córas trádála bunaithe ar cheant tréimhsiúil	Córas lena ndéantar orduithe díola a mheaitseáil ar bhonn ceant tréimhsiúil agus algartam trádála a fheidhmítear gan idirghabháil an duine.	Maidir le gach ionstraim airgeadais, an praghas ag a gcomhlíonfadh an córas trádála bunaithe ar cheant a algartam trádála ar an gcaoi is fearr agus an méid a d'fhéadfadh a bheith infhorghníomhaithe ag an bpraghas sin ag rannpháirtithe sa chóras sin.
Córas chun luachan a iarraidh	Córas trádála ina soláthraítear luachan nó luachana mar fhreagairt ar iarraidh ar luachan arna cur isteach ag aon chomhalta amháin eile nó ag aon rannpháirtí amháin eile nó níos mó. Tá an luachan infhorghníomhaithe go heisiach ag an gcomhalta iarrthach nó ag an rannpháirtí iarrthach sa mhargadh. Féadfaidh an comhalta nó an rannpháirtí iarrthach idirbheart a thabhairt i gcrích ach glacadh leis an luachan nó leis na luachana a sholáthraítear dó ar a iarraidh sin.	Na luachana agus na méideanna a ghabhann leo ó aon chomhalta nó rannpháirtí a mbeadh ina thoradh orthu, dá nglacfaí leo, idirbheart faoi rialacha an chórais. Na luachana uile a chuirtear isteach mar fhreagairt ar iarraidh ar luachan, féadfar iad a fhoilsiú an tráth céanna ach tráth nach déanaí ná tráth a bheidh siad infhorghníomhaithe.
Córas trádála ó bhéal	Córas trádála ina socraítear idirbhearta idir comhaltaí trí chaibidlíocht ó bhéal.	Na tairiscintí agus na hofrálacha agus na méideanna a ghabhann leo ó aon chomhalta nó rannpháirtí a mbeadh ina thoradh orthu, dá nglacfaí leo, idirbheart faoi rialacha an chórais.

An cineál córais	Tuairisc ar an gcóras	Faisnéis atá le poibliú
Córas trádála hibrideach	Córas a bhaineann le dhá cheann nó níos mó de na cineálacha córas trádála dá dtagraítear i rónna 1 go 5 den Tábla seo.	Maidir le córais trádála hibrideacha lena gcomhcheanglaítear córais trádála éagsúla an tráth céanna, comhfhreagraíonn na ceanglais do na ceanglais trédhearcachta trádála réamhthrádála is infheidhme maidir le gach cineál córais trádála atá sa chóras hibrideach. Maidir le córais trádála hibrideacha lena gcomhcheanglaítear dhá chóras trádála nó níos mó ina dhiaidh sin, comhfhreagraíonn na ceanglais do na ceanglais trédhearcachta réamhthrádála is infheidhme maidir leis an gcóras trádála faoi seach a fheidhmítear ag pointe ama ar leith.
Aon chóras trádála eile	Aon chineál córais trádála eile nach gcumhdaítear le rónna 1 go 6.	Faisnéis leordhóthanach maidir leis an leibhéal orduithe nó luachana agus leis an leibhéal leasa trádála; go sonrach, na cúig leibhéal praghsanna tairisceana agus tairgthe is fearr agus/nó luachana tairisceana agus iarrata gach cruthaitheora margaidh san ionstraim, má cheadaítear a leithéid le saintréithe an tsásra praghas-aimsithe.”

IARSCRÍBHINN II

Leasaítear Iarscríbhinn II mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 2:

"Tábla 2

Liosta mionsonraí chun críche trédhearcachta iarthrádála

#	Aitheantóir an réimse	Ionstraimí airgeadais	Tuairisc agus mionsonraí atá le foilsiú	Cineál forghníomhaithe nó ionaid foilsithe	Formáid le comhlánú mar a shainítear i dTábla 1
1	Dáta agus am trádála	Maidir le gach ionstraim airgeadais	Dáta agus am a forghníomhaíodh an t-idirbheart. Maidir le hidirbhearta a forghníomhaíodh ar ionad trádála, beidh an leibhéal gráinneachta i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/574 ón gCoimisiún ([1]). Maidir le hidirbhearta nár forghníomhaíodh ar ionad trádála, is é a bheidh sa dáta agus san am an tráth a chomhaontaíonn na páirtithe inneachar na réimsí seo a leanas: cainníocht, praghas, airgeadraí mar a shonraítear i réimsí 31, 34 agus 44 de Thábla 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/590, cód aitheantais na hionstraime, aicmiú na hionstraime agus cód na hionstraime foluití, i gcás inarb infheidhme. Maidir le hidirbhearta nár forghníomhaíodh ar ionad trádála, beidh an t-am a thuairiscítear chomh gráinneach leis an soicind is gaire ar a laghad. I gcás ina n-eascraíonn an t-idirbheart as ordú a tharchuir an gnólacht forghníomhaitheach thar ceann cliaint chuig tríú páirtí i gcás nár comhlíonadh na coinníollacha maidir le tarchur a leagtar amach in Airteagal 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/590, is é a bheidh ann dáta agus am an idirbhirt seachas am tarchurtha an ordaithe.	Margadh Rialáilte (RM) Saoráid Trádála Iltaobhach (MTF), Saoráid Trádála Eagraithe (OTF) Socrú Formheasta maidir le Foilsiú (APA) Soláthraí teilitéipe comhdhlúite (CTP)	{DÁTA_AM_FORMÁID}
2	Cód aitheantais na hionstraime	Maidir le gach ionstraim airgeadais	An cód a úsáidtear chun an ionstraim airgeadais a shainaithint	RM, MTF, OTF, APA, CTP	{ISIN}.
3	Praghas	Maidir le gach ionstraim airgeadais	Praghas trádáilte an idirbhirt cé is moite de choimisiún agus d'ús fabhraithe, i gcás inarb infheidhme. Tuairisceofar an praghas trádáilte i gcomhréir le coinbhinsiún caighdeánach an mhargaidh. An luach a sholáthraítear sa réimse seo, beidh sé comhsheasmhach leis an luach a sholáthraítear sa réimse 'Anótáil praghais'. I gcás nach bhfuil an praghas ar fáil faoi láthair ach go bhfuil sé ar feitheamh ('PNDG') nó nach infheidhme é ('NOAP'), ní chuirfear aon rud sa réimse seo.	RM, MTF, OTF, APA, CTP	{DECIMAL-18/13} i gcás ina léirítear an praghas mar luach airgeadúil {DECIMAL-11/10} i gcás ina léirítear an praghas mar chéatadán nó mar thoradh {DECIMAL-18/17} i gcás ina léirítear an praghas mar bhonnphointí

#	Aitheantóir an réimse	Ionstraimí airgeadais	Tuairisc agus mionsonraí atá le foilsiú	Cineál forghníomhaithe nó ionaid foilsithe	Formáid le comhlánú mar a shainítear i dTábla 1
4	Praghas in easnamh	Maidir le gach ionstraim airgeadais	I gcás nach bhfuil an praghas ar fáil faoi láthair ach go bhfuil sé ar feitheamh, is é 'PNDG' an luach a bheidh ann. I gcás nach bhfuil an praghas infheidhme, is é 'NOAP' an luach a bheidh ann.	RM, MTF, OTF, APA, CTP	'PNDG' i gcás nach bhfuil an praghas ar fáil 'NOAP' i gcás nach infheidhme an praghas
5	Airgeadra an phraghais	Maidir le gach ionstraim airgeadais	Mórairgeadra ina léirítear an praghas (infheidhme má léirítear an praghas mar luach airgeadúil).	RM, MTF, OTF, APA, CTP	{CÓDAIRGEADRA_3}
6	Anótáil praghais	Maidir le gach ionstraim airgeadais	Leid maidir le cé acu a léirítear an praghas mar luach airgeadúil, mar chéatadán, i mbonnphointí nó mar thoradh Tuairisceofar an anótáil praghais i gcomhréir le coinbhinsiún caighdeánach an mhargaidh. I gcás babhtálacha mainneachtana creidmheasa, 'BAPO' a chuirfear sa réimse seo. I gcás bannaí (seachas ETNanna agus ETCanna), céatadán (PERC) den mhéid barúlach a chuirfear sa réimse seo. I gcás nach é praghas i gcéatadán an coinbhinsiún caighdeánach sa mhargadh, YIEL, BAPO nó MONE a chuirfear sa réimse, i gcomhréir le coinbhinsiún caighdeánach an mhargaidh. An luach a sholáthraítear sa réimse seo, beidh sé comhsheasmhach leis an luach a sholáthraítear sa réimse 'Praghas'. I gcás ina dtuairiscítear an praghas i dtéarmaí airgeadaíochta, soláthrófar é san aonad mórairgeadra. I gcás nach bhfuil an praghas ar fáil faoi láthair ach go bhfuil sé ar feitheamh ('PNDG') nó nach infheidhme é ('NOAP'), ní chuirfear aon rud sa réimse seo.	RM, MTF, OTF, APA, CTP	'MONE' — Luach airgeadúil 'PERC' — Céatadán 'YIEL' — Toradh 'BAPO' — Bonnphointí

#	Aitheantóir an réimse	Ionstraimí airgeadais	Tuairisc agus mionsonraí atá le foilsiú	Cineál forghníomhaithe nó ionaid foilsithe	Formáid le comhlánú mar a shainítear i dTábla 1
7	Cainníocht	Maidir le gach ionstraim airgeadais cé is moite de na cásanna a dtugtar tuairisc orthu faoi Airteagal 11(1), pointí (a) agus (b) den Rialachán seo.	Maidir le hionstraimí airgeadais a thrádáiltear in aonaid, líon aonad na hionstraime airgeadais. Folamh i ngach cás eile.	RM, MTF, OTF, APA, CTP	{DEACHÚLACH-18/17}
8	Cainníocht in aonad tomhais	Maidir le conarthaí a ainmnítear i ndíorthaigh tráchtearraí, díorthaigh C10, díorthaigh lamháltas astaíochtaí agus lamháltais astaíochtaí cé is moite de na cásanna a dtugtar tuairisc orthu faoi Airteagal 11(1), pointí (a) agus (b) den Rialachán seo.	Méid coibhéiseach an lamháltais tráchtearraí nó astaíochtaí a thrádáiltear arna léiriú in aonad tomhais.	RM, MTF, OTF, APA, CTP	{DEACHÚLACH-18/17}
9	Anótáil na cainníochta in aonad tomhais	Maidir le conarthaí a ainmnítear i ndíorthaigh tráchtearraí, díorthaigh C10, díorthaigh lamháltas astaíochtaí agus lamháltais astaíochtaí cé is moite de na cásanna a dtugtar tuairisc orthu faoi Airteagal 11(1), pointí (a) agus (b) den Rialachán seo	Leid maidir leis an anótáil ina sloinntear an chainníocht in aonad tomhais.	RM, MTF, OTF, APA, CTP	'TOCD' — coibhéis tonaí dé-ocsaíde carbóin, maidir le haon chonradh a bhaineann le lamháltais astaíochtaí 'TONE' — tonaí méadracha 'MWHO' — meigeavatuai-reanta 'MBTU' — milliún teas-aonad Briotanach 'THMS' — Teirmeacha 'DAYS'— laethanta nó {ALFA-UIMHIR-4} i ngach cás eile

#	Aitheantóir an réimse	Ionstraimí airgeadais	Tuairisc agus mionsonraí atá le foilsiú	Cineál forghníomhaithe nó ionaid foilsithe	Formáid le comhlánú mar a shainítear i dTábla 1
10	Méid barúlach	Maidir le gach ionstraim airgeadais cé is moite de na cásanna a dtugtar tuairisc orthu faoi Airteagal 11(1), pointí (a) agus (b) den Rialachán seo.	Cuirfear sa réimse seo: (i) maidir le bannaí (cé is moite de ETCanna agus ETNanna), an t-aghaidhluach, arb é atá ann an méid a aisíoctar leis an infheisteoir ar a bhfuascailt; (ii) maidir le ETCanna agus ETNanna agus díorthaigh urrúsaithe, an líon ionstraimí a mhalartaítear idir ceannaitheoirí agus díoltóirí arna iolrú faoi phraghas na hionstraime a mhalartaítear le haghaidh an idirbhirt shonraigh sin. Go coibhéiseach, leis an réimse praghais arna iolrú faoin réimse cainníochta; (iii) maidir le táirgí airgeadais struchtúrtha (SFPanna), an luach ainmniúil in aghaidh an aonaid arna iolrú faoin líon ionstraimí tráth an idirbhirt; (iv) maidir le babhtálacha mainneachtana creidmheasa, leis an méid barúlach ar a bhfaightear an chosaint nó ar a ndéantar í a dhiúscairt; (v) maidir le roghanna, roghtálacha, babhtálacha seachas iad sin in (iv), todhchaíochtaí agus conarthaí réamhcheaptha, le méid barúlach an chonartha; (vi) maidir le lamháltais astaíochtaí, le méid na suime a thagann as an gcainníocht ag an bpraghas ábhartha a shocraítear sa chonradh tráth an idirbhirt. Go coibhéiseach, leis an réimse praghais arna iolrú faoin gcainníocht san aonad tomhais; (vii) maidir le raonghealltа, le luach airgeadúil an ghill a chuirtear in aghaidh na gluaiseachta pointe san ionstraim fholuiteach airgeadais tráth an idirbhirt; (viii) maidir le conarthaí difríochta, leis an líon ionstraimí a mhalartaítear idir ceannaitheoirí agus díoltóirí arna iolrú faoi phraghas na hionstraime a mhalartaítear le haghaidh an idirbhirt shonraigh sin. Go coibhéiseach, leis an réimse praghais arna iolrú faoin réimse cainníochta.	RM, MTF, OTF, APA, CTP	{DEACHÚLACH-18/5}

#	Aitheantóir an réimse	Ionstraimí airgeadais	Tuairisc agus mionsonraí atá le foilsiú	Cineál forghníomhaithe nó ionaid foilsithe	Formáid le comhlánú mar a shainítear i dTábla 1
11	Airgeadra barúlach	Maidir le gach ionstraim airgeadais cé is moite de na cásanna a dtugtar tuairisc orthu faoi Airteagal 11(1), pointí (a) agus (b) den Rialachán seo.	Mórairgeadra ina n-ainmnítear an méid barúlach. I gcás conradh díorthach airgeadraí eachtracha nó babhtáil trasairgeadra nó roghtáil inar babhtáil trasairgeadra nó conradh difríochta airgeadra nó conradh raonghill í an bhabhtáil fholuiteach, is é airgeadra barúlach chéim 1 a bheidh ann.	RM, MTF, OTF, APA, CTP	{CÓDAIRGEA-DRA_3}
12	Cineál	Maidir le lamháltais astaíochtaí agus díorthaigh lamháltas astaíochtaí amháin	Ní infheidhme an réimse seo ach maidir le lamháltais astaíochtaí agus díorthaigh lamháltas astaíochtaí agus maidir leo sin amháin.	RM, MTF, OTF, APA, CTP	'EUAE' — EUA 'CERE' — CER ERUE' — ERU 'EUAA' — EUAA 'OTHR' — Eile
13	Ionad an fhorghníom-haithe	Maidir le gach ionstraim airgeadais	Sainaithint an ionaid mar ar cuireadh an t-idirbheart i gcrích. Úsáid an MIC deighleoige in ISO 10383 le haghaidh idirbhearta a fhorghníomhaítear ar ionad trádála san Aontas. I gcás nach ann don MIC deighleoige, úsáid an MIC oibriúcháin. Úsáid 'SINT' le haghaidh ionstraimí airgeadais a ghlactar isteach sa trádáil nó a thrádáiltear ar ionad trádála, i gcás ina bhforghníomhaítear an t-idirbheart maidir leis an ionstraim airgeadais sin ar Inmheánaitheoir Córasach. Úsáid cód MIC 'XOFF' le haghaidh ionstraimí airgeadais a ghlactar isteach sa trádáil nó a thrádáiltear ar ionad trádála, i gcás nach bhforghníomhaítear an t-idirbheart maidir leis an ionstraim airgeadais sin ar ionad trádála san Aontas ná le hInmheánaitheoir Córasach. Más rud é go bhforghníomhaítear an t-idirbheart ar ardán trádála eagraithe lasmuigh den Aontas, ní mór an réimse 'Ionad trádála tríú tír an fhorghníomhaithe' a chomhlánú.	RM, MTF, OTF, APA, CTP	{MIC} – ionaid trádála san Aontas nó 'SINT' — inmheánaitheoir córasach 'XOFF' — gach cás eile

#	Aitheantóir an réimse	Ionstraimí airgeadais	Tuairisc agus mionsonraí atá le foilsiú	Cineál forghníomhaithe nó ionaid foilsithe	Formáid le comhlánú mar a shainítear i dTábla 1
14	Ionad trádála tríú tír an fhorghníom-haithe	Maidir le gach ionstraim airgeadais	Sainaithint an ionaid trádála tríú tír inar forghníomhaíodh an t-idirbheart. Úsáid an MIC deighleoige in ISO 10383. I gcás nach ann don MIC deighleoige, úsáid an MIC oibriúcháin. I gcás nach bhforghníomhaítear an t-idirbheart ar ionad trádála tríú tír, ní chuirfear aon rud sa réimse seo.	APA, CTP	{MIC}
15	Dáta agus am foilsithe	Maidir le gach ionstraim airgeadais	Dáta agus am a d'fhoilsigh ionad trádála nó APA an t-idirbheart. Maidir le hidirbhearta a forghníomhaíodh ar ionad trádála, beidh an leibhéal gráinneachta i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/574. Maidir le hidirbhearta nár forghníomhaíodh ar ionad trádála, beidh an t-am a thuairiscítear chomh gráinneach leis an soicind is gaire ar a laghad.	RM, MTF, OTF, APA, CTP	{DÁTA_AM_ FORMÁID}
16	Ionad foilsithe	Maidir le gach ionstraim airgeadais	An cód a úsáidtear chun an t-ionad trádála agus an APA a d'fhoilsigh an t-idirbheart a shainaithint.	An tArdán Lárnach Tástála	Ionad trádála: {MIC} APA: {MIC} i gcás ina mbeidh fáil air sin. I ngach cás eile, an cód 4 charachtar mar a fhoilsítear ar liosta na soláthraithe seirbhísí tuairiscithe sonraí ar shuíomh gréasáin ESMA.
17	Cód aitheantais idirbhirt	Maidir le gach ionstraim airgeadais	Cód alfa-uimhriúil arna shannadh ag ionaid trádála (de bhun Airteagal 12 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/580 [2] ón gCoimisiún) agus APAnna agus a úsáidtear in aon tagairt ina dhiaidh sin don trádáil shonrach.	RM, MTF, OTF, APA, CTP	{ALPHANU-MERICAL-52}

#	Aitheantóir an réimse	Ionstraimí airgeadais	Tuairisc agus mionsonraí atá le foilsiú	Cineál forghníomhaithe nó ionaid foilsithe	Formáid le comhlánú mar a shainítear i dTábla 1
			Maidir leis an gcód aitheantais idirbhirt, beidh sé uathúil, comhsheasmhach agus marthanach de réir an MIC deighleoige in ISO 10383 agus in aghaidh an lae trádála. I gcás nach mbaineann an t-ionad trádála MICanna deighleoige beidh an cód aitheantais idirbhirt uathúil, comhsheasmhach agus marthanach de réir an MIC oibriúcháin in aghaidh an lae trádála. I gcás nach mbaineann APA úsáid as MICanna, beidh sé uathúil, comhsheasmhach agus marthanach de réir an chóid 4 charachtar a úsáidtear chun an APA a aithint in aghaidh an lae trádála. Maidir le comhpháirteanna an chóid aitheantais idirbhirt, ní nochtfar leo céannacht na gcontrapháirtithe leis an idirbheart a gcoinnítear an cód ar bun ina leith		
18	Idirbheart le himréiteach	Le haghaidh díorthach	An cód lena sainaithneofar cé acu a imréiteofar nó nach n-imréiteofar an t-idirbheart.	RM, MTF, OTF, APA, CTP	'FÍOR' — tá an t-idirbheart le himréiteach 'BRÉAGACH' — níl an t-idirbheart le himréiteach

([1]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/574 ón gCoimisiún an 7 Meitheamh 2016 lena bhforlíontar Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála i ndáil le leibhéal cruinnis clog gnó (féach leathanach 148 den Iris Oifigiúil seo).
([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/580 ón gCoimisiún an 24 Meitheamh 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála i ndáil le coinneáil ar bun sonraí ábhartha a bhaineann le horduithe in ionstraimí airgeadais (féach leathanach 193 den Iris Oifigiúil seo).
Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 148/2013 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála i ndáil le caighdeáin theicniúla rialála faoi íos-mhionsonraí na sonraí atá le tuairisciú do stórtha trádála.";

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 3:

"Tábla 3

Liosta bratach chun críche trédhearcachta iarthrádála

Bratach	Ainm	Cineál forghníomhaithe nó ionaid foilsithe	Tuairisc /// Cur síos
'BENC'	Bratach idirbhirt tagarmhairc	RM, MTF, OTF, APA, CTP	Idirbhearta a fhorghníomhaítear ag tagairt do phraghas a ríomhtar thar roinnt áisc ama de réir tagarmharc ar leith, amhail meánphraghas ualaithe de réir méid nó meánphraghas ualaithe de réir ama.
'ACTX'	Bratach tras-idirbhirt gníomhaireachta	APA, CTP	Idirbhearta inar thug gnólacht infheistíochta le chéile orduithe dhá chliant agus ina ndearnadh an ceannachán agus an díolachán mar aon idirbheart amháin lena ngabhann an méid céanna agus an praghas céanna.
'NPFT'	Bratach idirbhirt nach mbaineann le foirmiú praghsanna	RM, MTF, OTF, An tArdán Lárnach Tástála	Idirbhearta nach mbaineann le foirmiú praghsanna mar a leagtar amach in Airteagal 2(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/590.

Bratach	Ainm	Cineál forghníomhaithe nó ionaid foilsithe	Tuairisc /// Cur síos
'LRGS'	Bratach idirbhirt LIS iarthrádála	RM, MTF, OTF APA An tArdán Lárnach Tástála	Idirbhearta a fhorghníomhaítear faoin iarchur iarthrádála ar scála mór.
'ILQD'	Bratach idirbhirt ionstraime neamhleachtaí	RM, MTF, OTF, APA, CTP	Idirbhearta a fhorghníomhaítear faoin iarchur le haghaidh ionstraimí nach ann do mhargadh leachtach lena n-aghaidh.
'SIZE'	Bratach idirbhirt SSTI iarthrádála	RM, MTF, OTF APA, CTP	Idirbhearta a fhorghníomhaítear faoin iarchur iarthrádála a bhaineann le méid atá sonrach don ionstraim.
'TPAC'	Bratach idirbhirt pacáiste	RM, MTF, OTF, APA, CTP	Idirbhearta pacáiste nach malartú le haghaidh sócmhainní fisiceacha iad mar a shainmhínítear in Airteagal 1.
'XFPH'	Bratach idirbhirt malartaithe le haghaidh sócmhainní fisiceacha	RM, MTF, OTF, APA, CTP	Malartú le haghaidh sócmhainní fisiceacha mar a shainmhínítear in Airteagal 1.
'CANC'	Bratach chealúcháin	RM, MTF, APA, An tArdán Lárnach Tástála	I gcás ina ndéantar idirbheart a foilsíodh roimhe seo a chealú.
'AMND'	Bratach leasúcháin	RM, MTF, APA, An tArdán Lárnach Tástála	I gcás ina leasaítear idirbheart a foilsíodh roimhe seo.
'PORT'	Bratach trádála punainne	RM, MTF, APA, An tArdán Lárnach Tástála	Idirbheart i gcúig ionstraim airgeadais éagsúla nó níos mó i gcás ina mbíonn na hidirbhearta sin á dtrádáil an tráth céanna ag an gcliant céanna agus in aghaidh praghas birt aonair agus nach 'idirbheart pacáiste' é mar a thagraítear dó in Airteagal 1(1).

BRATACHA IARCHURTHA FORLÍONTACHA

Airteagal 11(1)(a)(i).	'LMTF'	Bratach mionsonraí teoranta	RM, MTF, OTF, APA, An tArdán Lárnach Tástála	An chéad tuarascáil le foilsiú mionsonraí teoranta i gcomhréir le hAirteagal 11(1), pointe (a)(i).
	'FULF'	Bratach sonraí iomlána		Idirbheart ar foilsíodh mionsonraí teoranta ina leith roimhe seo i gcomhréir le hAirteagal 11(1), pointe (a)(i).
Airteagal 11(1)(a)(ii).	'DATF'	Go laethúil bratach idirbhirt chomhiomlánaithe laethúil	RM, MTF, OTF, APA, An tArdán Lárnach Tástála	Foilsiú idirbhirt chomhiomlánaithe laethúil i gcomhréir le hAirteagal 11(1), pointe (a)(ii).
	'FULA'	Bratach sonraí iomlána	RM, MTF, OTF, APA, An tArdán Lárnach Tástála	Idirbhearta aonair ar foilsíodh mionsonraí comhiomlánaithe ina leith roimhe seo i gcomhréir le hAirteagal 11(1), pointe (a)(ii).

Airteagal 11(1)(b)	'VOLO'	Bratach maidir le méid a fhágáil ar lár	RM, MTF, OTF, APA, An tArdán Lárnach Tástála	Idirbheart a bhfoilsítear mionsonraí teoranta ina leith i gcomhréir le hAirteagal 11(1), pointe (b).
	'FULV'	Bratach sonraí iomlána	RM, MTF, OTF, APA, An tArdán Lárnach Tástála	Idirbheart ar foilsíodh mionsonraí teoranta ina leith roimhe seo i gcomhréir le hAirteagal 11(1), pointe (b)
Airteagal 11(1)(c)	'FWAF'	Bratach chomhiomlánaithe ceithre seachtaine	RM, MTF, OTF, APA, An tArdán Lárnach Tástála	Foilsiú idirbheart comhiomlánaithe i gcomhréir le hAirteagal 11(1), pointe (c).
	'FULJ'	Bratach sonraí iomlána	RM, MTF, OTF, APA, An tArdán Lárnach Tástála	Idirbhearta aonair a thairbhigh d'fhoilsiú comhiomlánaithe roimhe seo i gcomhréir le hAirteagal 11(1), pointe (c).
Airteagal 11(1)(d)	'IDAF'	Bratach chomhiomlánaithe éiginnte	RM, MTF, OTF, APA, An tArdán Lárnach Tástála	Idirbhearta dár ceadaíodh foilsiú roinnt idirbheart i bhfoirm chomhiomlánaithe ar feadh tréimhse éiginnte ama i gcomhréir le hAirteagal 11(1), pointe (d).
Úsáid chomhleanúnach Airteagal 11(1)(b) agus Airteagal 11(2)(c) le haghaidh ionstraimí fiachais cheannasaigh	'VOLW'	Bratach maidir le méid a fhágáil ar lár	RM, MTF, OTF, APA, An tArdán Lárnach Tástála	Idirbhearta a bhfoilsítear mionsonraí teoranta ina leith i gcomhréir le hAirteagal 11(1)(b) agus dá gceadófar foilsiú roinnt idirbheart i bhfoirm chomhiomlánaithe ar feadh tréimhse éiginnte ama i gcomhréir le hAirteagal 11(2), pointe (c).
	'COAF'	Bratach comhiomlánaithe chomhleanúnaigh (tar éis méid a fhágáil ar lár le haghaidh ionstraimí fiachais cheannasaigh)	RM, MTF, OTF, APA, An tArdán Lárnach Tástála	Idirbhearta ar foilsíodh mionsonraí teoranta ina leith roimhe seo i gcomhréir le hAirteagal 11(1)(b) agus dár ceadaíodh foilsiú roinnt idirbheart i bhfoirm chomhiomlánaithe ar feadh tréimhse éiginnte ama i gcomhréir le hAirteagal 11(2), pointe (c)."

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 4:

"Tábla 4

Tomhas méide

Cineál ionstraime	Méid
Gach banna cé is moite de ETCanna agus ETNanna agus táirgí airgeadais struchtúrtha	'Méid barúlach' an chonartha a thrádáiltear de réir réimse 10 de Thábla 2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.
Cineálacha bannaí ETCanna agus ETNanna	'Méid barúlach' an chonartha a thrádáiltear de réir réimse 10 de Thábla 2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.
Díorthaigh urrúsaithe	'Méid barúlach' an chonartha a thrádáiltear de réir réimse 10 de Thábla 2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.
Díorthaigh ráta úis	'Méid barúlach' an chonartha a thrádáiltear de réir réimse 10 de Thábla 2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

Cineál ionstraime	Méid
Díorthaigh malairte eachtraí	‘Méid barúlach’ an chonartha a thrádáiltear de réir réimse 10 de Thábla 2 d’Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.
Díorthaigh chothromais	‘Méid barúlach’ an chonartha a thrádáiltear de réir réimse 10 de Thábla 2 d’Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.
Díorthaigh tráchtearraí	‘Méid barúlach’ an chonartha a thrádáiltear de réir réimse 10 de Thábla 2 d’Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.
Díorthaigh chreidmheasa	‘Méid barúlach’ an chonartha a thrádáiltear de réir réimse 10 de Thábla 2 d’Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.
Conradh difríochtaí	‘Méid barúlach’ an chonartha a thrádáiltear de réir réimse 10 de Thábla 2 d’Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.
Díorthaigh C10	‘Méid barúlach’ an chonartha a thrádáiltear de réir réimse 10 de Thábla 2 d’Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.
Díorthaigh lamháltas astaíochtaí	‘Cainníocht in aonad tomhais’ de réir réimse 8 de Thábla 2 d’Iarscríbhinn II den Rialachán seo.
Lamháltais astaíochtaí	‘Cainníocht in aonad tomhais’ de réir réimse 8 de Thábla 2 d’Iarscríbhinn II den Rialachán seo.”.

IARSCRÍBHINN III

Leasaítear Iarscríbhinn III mar a leanas:

(1) i gcuid 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 13:

"13. ciallaíonn 'Roghtáil' nó 'Rogha ar bhabhtáil' conradh lena dtugtar an ceart don úinéir, ach nach gcuirtear oibleagáid air leis, dul isteach i mbabhtáil ar dháta áirithe amach anseo nó ar dháta feidhmithe áirithe nó suas go dtí an dáta sin.";

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 2.2:

"Tábla 2.2

Bannaí (gach cineál banna seachas ETCanna agus ETNanna) — aicmí nach bhfuil margadh leachtach acu

Cineál sócmhainní — Bannaí (gach cineál banna seachas ETCanna agus ETNanna)			
Maidir le gach banna ar leith, cinnfear nach bhfuil margadh leachtach aige de réir Airteagal 13(18) má tá mar shaintréith aige teaglaim shonrach cineáil banna agus méide eisiúna mar a shonraítear i ngach ró den tábla.			
Cineál banna		**Méid eisiúna** - RTS23#14	
Banna ceannasach RTS2#3 = BOND agus RTS2#9 = EUSB	ciallaíonn banna ceannasach banna nach banna in-chomhshóite ná banna faoi chumhdach é arna eisiúint ag eisitheoir ceannasach: (a) an tAontas; (b) Ballstát, lena n-áirítear roinn rialtais, gníomhaireacht nó meán sainchuspóireach de chuid Ballstáit; (c) eintiteas ceannasach nach liostaítear faoi phointí (a) agus (b).	níos lú ná (in EUR)	1 000 000 000

Cineál sócmhainní — Bannaí (gach cineál banna seachas ETCanna agus ETNanna)					
Cineál banna		**Méid eisiúna** - RTS23#14			
Banna poiblí eile RTS2#3 = BOND agus RTS2#9 = OEPB	ciallaíonn banna ceannasach banna nach banna in-chomhshóite ná banna faoi chumhdach é arna eisiúint ag aon cheann de na heisitheoirí poiblí seo a leanas: (a) i gcás Ballstát cónaidhme, ball den chónaidhm sin; (b) meán sainchuspóireach le haghaidh roinnt Ballstát; (c) institiúid airgeadais idirnáisiúnta arna bunú ag dhá Bhallstát nó níos mó agus a bhfuil de chuspóir aici cistiúchán a shlógadh agus cúnamh airgeadais a sholáthar chun sochair a comhaltaí a bhfuil fadhbanna móra airgeadais acu nó a bhfuil fadhbanna móra airgeadais ag bagairt orthu; (d) an Banc Eorpach Infheistíochta; (e) eintiteas poiblí nach eisitheoir banna cheannasaigh é mar a shonraítear sa ró roimhe seo.	níos lú ná (in EUR)		500 000 000	
Banna in-chomhshóite RTS2#3 = BOND agus RTS2#9 = CVTB	ciallaíonn 'banna in-chomhshóite' ionstraim arb éard atá inti banna nó ionstraim fiachais urrúsaithe a bhfuil díorthach leabaithe inti, amhail rogha an cothromas bunúsach a cheannach	níos lú ná (in EUR)		500 000 000	
Banna faoi chumhdach RTS2#3 = BOND agus RTS2#9 = CVDB	ciallaíonn banna faoi chumhdach bannaí dá dtagraítear in Airteagal 52(4) de Threoir 2009/65/CE	le linn chéimeanna S1 agus S2		le linn chéimeanna S3 agus S4	
		níos lú ná (in EUR)	1 000 000 000	níos lú ná (in EUR)	500 000 000

Cineál sócmhainní — Bannaí (gach cineál banna seachas ETCanna agus ETNanna)					
Cineál banna		**Méid eisiúna** - RTS23#14			
Banna Corparáide RTS2#3 = BOND agus RTS2#9 = CRPB	ciallaíonn banna corparáide banna nach banna in-chomhshóite ná banna faoi chumhdach é agus ar banna é arna eisiúint ag cuideachta Eorpach a bhunaítear i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 2157/2001 ón gComhairle ([1]) nó ag cineál cuideachta a liostaítear in Iarscríbhinní I nó II a ghabhann le Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) nó ag cuideachta choibhéiseach i dtríú tíortha	le linn chéimeanna S1 agus S2		le linn chéimeanna S3 agus S4	
		níos lú ná (in EUR)	1 000 000 000	níos lú ná (in EUR)	500 000 000
Cineál banna	**Maidir leis na hionstraimí airgeadais a meastar nach bhfuil margadh leachtach acu de réir Airteagal 13(18), cuirfear an mhodheolaíocht seo a leanas i bhfeidhm chun na hionstraimí airgeadais sin a chinneadh**				
Banna eile RTS2#3 = BOND agus RTS2#9 = OTHR	Banna nach mbaineann le haon cheann de na cineálacha banna thuas, meastar nach bhfuil margadh leachtach aige.				

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 2157/2001 ón gComhairle an 8 Deireadh Fómhair 2001 maidir leis an Reacht um Chuideachta Eorpach (SE) (IO L 294, 10.11.2001, lch. 1).

([2]) Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara maidir le cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lgh. 19).";

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 2.4:

"Tábla 2.4

Bannaí (cineálacha banna ETC agus ETN) — aicmí nach bhfuil margadh leachtach acu

Cineál banna	**Cinnfear nach bhfuil margadh leachtach de réir Airteagail 6 agus 8(1)(b) ag gach ionstraim airgeadais aonair mura gcomhlíonann sí aon cheann amháin de na tairseacha seo a leanas maidir le critéir leachtachta cainníochtúla nó iad go léir**	
	Meánláimhdeachas laethúil (ADT) [critéar leachtachta cainníochtúla 1]	**Meánlíon laethúil trádálacha** [critéar leachtachta cainníochtúla 2]
Tráchtearraí arna dtrádáil ar an stocmhalartán (ETCanna) - RTS2#3 = ECTS ionstraim fiachais arna heisiúint in aghaidh infheistíocht dhíreach ag an eisitheoir i dtráchtearraí nó i gconarthaí díorthacha tráchtearraí. Nasctar praghas ETC go díreach nó go hindíreach le feidhmíocht na hionstraime foluití. Déanann ETC rianú éighníomhach ar fheidhmíocht an tráchtearra nó na n-innéacsanna tráchtearraí dá dtagraíonn sé.	EUR 500 000	10
Nótaí arna dtrádáil ar an malartán (ETNanna) - RTS2#3 = ETNS ionstraim fiachais arna heisiúint in aghaidh infheistíocht dhíreach ag an eisitheoir sna conarthaí foluiteacha nó na conarthaí díorthacha foluiteacha. Nasctar praghas ETN go díreach nó go hindíreach le feidhmíocht na hionstraime foluití. Déanann ETN rianú éighníomhach ar fheidhmíocht na hionstraime foluití dá dtagraíonn sé.	EUR 500 000	10."

4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 3.1:

"Tábla 3.1

SFPanna — aicmí nach bhfuil margadh leachtach acu

Cineál sócmhainní – Táirgí Airgeadais Struchtúrtha (SFPanna)		
Tástáil 1 – measúnú ar aicme sócmhainne SFPanna		
Measúnú ar aicme sócmhainne SFPanna chun na hionstraimí airgeadais a meastar nach bhfuil margadh leachtach acu de réir Airteagail 6 agus 8(1), pointe (b) a chinneadh – RTS2#3 = SFPS		
Idirbhearta le chur san áireamh le haghaidh ríomhanna na luachanna a bhaineann leis na critéir leachtachta cainníochtúla chun críoch an mheasúnaithe ar aicme sócmhainne SFPanna	**Déanfar measúnú ar aicme sócmhainne SFPanna ach na tairseacha seo a leanas de na critéir leachtachta cainníochtúla a chur i bhfeidhm**	
	Meánmhéid barúlach laethúil (ADNA) [critéar leachtachta cainníochtúla 1]	**Meánlíon laethúil trádálacha** [critéar leachtachta cainníochtúla 2]
Idirbhearta a fhorghníomhaítear i ngach SFP	EUR 300 000 000	500
Tástáil 2 — SFPanna nach bhfuil margadh leachtach acu		
Maidir leis na luachanna a bhaineann leis na critéir leachtachta cainníochtúla, más mó iad araon ná na tairsí leachtachta cainníochtúla a leagadh amach chun críoch an mheasúnaithe ar aicme sócmhainne SFPanna, ansin faightear pas i dTástáil 1 agus déanfar Tástáil 2. Cinnfear nach bhfuil margadh leachtach de réir Airteagail 6 agus 8(1)(b) ag gach ionstraim airgeadais aonair mura gcomhlíonann sí aon cheann amháin de na tairseacha seo a leanas maidir le critéir leachtachta cainníochtúla nó iad go léir		
Meánmhéid barúlach laethúil (ADNA) [critéar leachtachta cainníochtúla 1]	**Meánlíon laethúil trádálacha** [critéar leachtachta cainníochtúla 2]	**Céatadán laethanta arna dtrádáil le linn na tréimhse faoi bhreathnú** [critéir leachtachta cainníochtúla 3]
EUR 100 000	2	80 %";

(5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 4.1:

"Tábla 4.1

Díorthaigh urrúsaithe — aicmí nach bhfuil margadh leachtach acu

Cineál sócmhainní – Díorthaigh Urrúsaithe
ciallaíonn sé urrús inaistrithe mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1)(44)(c) de Threoir 2014/65/AE nach ionann é agus táirgí airgeadais struchtúrtha agus áireofar leis ar a laghad:
(a.1) barántais loma faoi chumhdach arb é atá i gceist leo urrúis arna n-eisiúint ag institiúid airgeadais lena dtugtar an ceart don úinéir, ach nach gcuirtear oibleagáid air leo, na nithe seo a dhéanamh
(a) méid sonrach den tsócmhainn fholuiteach a cheannach ag an dáta aibíochta nó faoin dáta aibíochta ar phraghas ceangail réamhchinntithe nó, i gcás inar socraíodh socraíocht airgid, íocaíocht na difríochta deimhní idir an praghas margaidh reatha agus an praghas ceangail a fháil ón díoltóir; nó
(b) méid sonrach den tsócmhainn fholuiteach a dhíol ag an dáta aibíochta nó faoin dáta aibíochta ar phraghas ceangail réamhchinntithe nó, i gcás inar socraíodh socraíocht airgid, íocaíocht na difríochta deimhní idir an praghas ceangail agus an praghas margaidh reatha a fháil ón gceannaitheoir;
(a.2) barántais arb é atá i gceist leo urrúis arna n-eisiúint ag an eisitheoir céanna leis an tsócmhainn fholuiteach lena dtugtar an ceart don úinéir, ach nach gcuirtear oibleagáid air leo, na nithe seo a dhéanamh
(a) méid sonrach den tsócmhainn fholuiteach a cheannach ag an dáta aibíochta nó faoin dáta aibíochta ar phraghas ceangail réamhchinntithe nó, i gcás inar socraíodh socraíocht airgid, íocaíocht na difríochta deimhní idir an praghas margaidh reatha agus an praghas ceangail a fháil ón díoltóir; nó
(b) méid sonrach den tsócmhainn fholuiteach a dhíol ag an dáta aibíochta nó faoin dáta aibíochta ar phraghas ceangail réamhchinntithe nó, i gcás inar socraíodh socraíocht airgid, íocaíocht na difríochta deimhní idir an praghas ceangail agus an praghas margaidh reatha a fháil ón gceannaitheoir;
(b) ciallaíonn deimhnithe giarála deimhnithe lena rianaítear feidhmíocht na sócmhainne foluití le héifeacht ghiarála;
(c) ciallaíonn barántais andúchasacha faoi chumhdach barántais faoi chumhdach arb é teaglaim roghanna a bpríomh-chomhpháirt;
(d) cearta soshannta arb í ionstraim neamhchothromais a n-ionstraim fholuiteach;
(e) ciallaíonn deimhnithe infheistíochta deimhnithe lena rianaítear feidhmíocht na sócmhainne foluití le héifeacht ghiarála.
RTS2#3 = SDRV
Maidir leis na haicmí ionstraimí airgeadais a meastar nach bhfuil margadh leachtach acu de réir Airteagail 6 agus 8(1)(b), cuirfear an mhodheolaíocht seo a leanas i bhfeidhm chun na hionstraimí airgeadais sin a chinneadh
meastar go bhfuil margadh leachtach ag gach díorthach urrúsaithe";

(6) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 5.1:

"Tábla 5.1

Díorthaigh ráta úis — aicmí nach bhfuil margadh leachtach acu

Cineál sócmhainní – Díorthaigh Ráta Úis				
